



Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 2 Nollaig 2020
(OR. en)

12898/1/20
REV 1

EF 286
ECOFIN 1023

NÓTA

ó:	Ardrúnaíocht na Comhairle
chuig:	Coiste na mBuanionadaithe
Ábhar:	Council Conclusions on the Commission's CMU Action Plan

CONCLÚIDÍ ÓN gCOMHAIRLE

i ndáil le Plean Gníomhaíochta an Choimisiúin maidir le hAontas na Margaí Caipitil

MAIDIR LE COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH:

1. MEABHRAÍTEAR DI conclúidí an 19 Meitheamh 2015,¹ an 10 Samhain 2015² agus an 11 Iúil 2017³ uaithi i ndáil le Plean Gníomhaíochta tosaigh an Choimisiúin maidir le hAontas na Margaí Caipitil a fhorbairt⁴.
2. IS DÍOL SÁSAIMH DI na céimeanna tábhachtacha a glacadh i ndáil leis an bplean agus, go háirithe, réimse leathan na mbeart reachtach a glacadh le blianta beaga anuas agus ADMHAÍONN SÍ an dul chun cinn a baineadh amach go dtí seo faoi shainchúram Phlean Gníomhaíochta tosaigh Aontas na Margaí Caipitil.
3. AITHNÍONN SÍ, in ainneoin na mbeart a glacadh go dtí seo, go bhfuil gá fós le tuilleadh beart chun dul ionsar fhíor-Aontas na Margaí Caipitil.
4. TUGANN SÍ DÁ hAIRE a thábhachtaí atá an méid a baineadh amach go dtí seo mar thoradh ar an gcéad chéim d'Aontas na Margaí Caipitil agus gur gá seal ama a thabhairt le go mbeidh éifeacht iomlán ag na hathruithe reachtach a rinneadh le déanaí.
5. MEABHRAÍTEAR DI, i bhfianaise an mhéid sin, na Conclúidí ón gComhairle maidir le hAontas na Margaí Caipitil a Dhoimhniú an 5 Nollaig 2019,⁵ ATHDHEARBHAÍONN SÍ tábhacht na bprionsabal a leagtar amach sna conclúidí sin, ar cheart dóibh leanúint de bheith mar bhonn taca le hAontas na Margaí Caipitil a dhoimhniú a thuilleadh, agus CUIREANN SÍ i bhFÍOS GO LÁIDIR go bhfuil liosta na mbeart cuimsitheach ar cheart féachaint orthu chun dul chun cinn pras a dhéanamh ionsar fhíor-Aontas na Margaí Caipitil fós ábhartha.

¹ Conclúidí ón gComhairle maidir le hAontas na Margaí Caipitil, 10148/15

² Conclúidí ón gComhairle i ndáil le Plean Gníomhaíochta an Choimisiúin maidir le hAontas na Margaí Caipitil a fhorbairt, 13922/15

³ Conclúidí ón gComhairle maidir leis an teachtaireacht ón gCoimisiún faoi athbhreithniú ar an bplean gníomhaíochta maidir le haontas na margaí caipitil, 11170/17

⁴ *Communication from the Commission to the European Parliament, the Council, the European Economic and Social Committee and the Committee of the Regions: Action Plan on Building a Capital Markets Union* [Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún: Plean Gníomhaíochta maidir le hAontas na Margaí Caipitil a fhorbairt] (COM(2015) 468 final), 12263/15

⁵ Conclúidí ón gComhairle maidir le hAontas na Margaí Caipitil a Dhoimhniú, 14815/19

6. IS DÍOL SÁSAIMH DI an réamhobair agus na tuarascálacha tábhachtacha ón bhFóram Ardleibhéil maidir le hAontas na Margaí Caipitil⁶ a bhunaigh an Coimisiún agus ón gCéad Ghrúpa Ardleibhéil Eile de chuid Aontas na Margaí Caipitil⁷ a bhunaigh na Ballstáit.
7. CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS gur gá Aontas na Margaí Caipitil polalárnach a fhorbairt a bheidh in ann leas a bhaint as na margaí agus na bonneagair atá sna Ballstáit cheana féin chun nach mbeifear ag brath an iomarca ar aon mhargadh airgeadais amháin amach anseo.
8. CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS go bhfuil forbairt bhreise Aontas na Margaí Caipitil fite fuaite le dianfhorbairt na margaí caipitil áitiúla agus réigiúnacha agus na n-éiceachóras airgeadais, mar gurb éasca a bheidh sé fíor-Aontas na Margaí Caipitil a bhunú don Aontas Eorpach i dtimpeallacht ina mbeidh na margaí caipitil náisiúnta agus réigiúnacha ar fad in ann teacht chun cinn agus forbairt.
9. CUIREANN SÍ i bhFÍOS GO LÁIDIR a thábhachtaí atá Aontas na Margaí Caipitil maidir le deiseanna breise eile cistiúcháin a chur ar fáil san Aontas, agus an spleáchas ar chistiú ón mbanc á laghdú ar an gcaoi sin, agus a thábhachtaí atá sé comhroinnt riosca phríobháidigh a mhéadú laistigh den mhargadh aonair, agus, mar sin, córas airgeadais an Aontais a dhéanamh níos cobhsaí agus cistiú breise a chur ar fáil le haghaidh gníomhaíocht eacnamaíoch san Eoraip, ach, ag an am céanna, ADMHAÍONN SÍ nach mbeidh rath ar Aontas na Margaí Caipitil mura mbeidh baint láidre, a bheidh iomaíoch ar leibhéal domhanda, ag an Aontas.
10. TUGANN SÍ DÁ hAIRE a thábhachtaí atá Aontas na Margaí Caipitil, ní hamháin don Aontas Eorpach ina iomláine, ach d'Aontas Eacnamaíoch agus Airgeadaíochta níos doimhne freisin, don Aontas Baincéireachta agus do ról idirnáisiúnta níos láidre don euro trí fheabhas a chur ar éifeachtacht, éifeachtúlacht, sláine agus stóinseacht an mhargaidh aonair do sheirbhísí airgeadais.

⁶ *A new Vision for Europe's capital markets. Final Report of the High Level Forum on the Capital Markets Union*. [Fís nua maidir le margaí caipitil na hEorpa. Tuarascáil Chríochnaitheach ón bhFóram Ardleibhéil maidir le hAontas na Margaí Caipitil]. Meitheamh 2020.

⁷ *Savings and Sustainable Investment Union. The Next CMU High-Level Group Report to Ministers and presented to the Finnish Presidency* [Coigilteas agus Aontas Infheistíochta Inbhuanaithe. An Chéad Ghrúpa Ardleibhéil Eile de chuid Aontas na Margaí Caipitil. Tuarascáil do na hAirí, arna cur i láthair Uachtaránacht na Fionlainne]. Deireadh Fómhair 2019.

11. CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS, i bhfianaise na ndúshlán a bhí le sárú ag fiontair agus infheisteoirí de chuid an Aontais le déanaí, go háirithe paidéim COVID-19 agus tarraingt siar na Ríochta Aontaithe, rud a chiallaíonn go mbeidh an margadh caipitil is mó san Eoraip lasmuigh den Aontas, go bhfuil sé níos práinní anois ná mar a bhí riamh go ndéanfar dul chun cinn mear inbhraite ionsar fhíor-Aontas na Margaí Caipitil.

12. CUIREANN SÍ i dTREIS go bhfuil gá le hAontas na Margaí Caipitil níos doimhne chun leas a bhaint as na deiseanna a chuirtear ar fáil leis na míshocrachtaí eacnamaíocha atá ann faoi láthair i ndáil le haistriú réamhbhreathnaitheach chuig geilleagar inbhuanaithe digiteach san Aontas Eorpach. CUIREANN SÍ i bhFIOS GO LÁIDIR gur cheart na gníomhaíochtaí chun forbairt bhreise a dhéanamh ar Aontas na Margaí Caipitil a chur san áireamh a mhéid is féidir leis an obair atá á déanamh i gcomhthráth ar an Straitéis Airgeadais Dhigitigh an Choimisiúin chomh maith lena Phlean Gníomhaíochta um Airgeadas Inbhuanaithe.

13. IS DEIMHIN LÉI gur gá na hacmhainní airgeadais atá ar fáil a chuachadh agus leas a bhaint as a n-acmhainneacht iomlán i bhfíor-Aontas na Margaí Caipitil chun beocht a chur an athuair i ngeilleagair na hEorpa le go mbeidh siad níos athléimní, réamhbhreathnaithe agus inbhuanaithe, agus ar an gcaoi sin, aghaidh a thabhairt ar chúraimí na glúine seo a bhaineann leis an athrú aeráide agus leis na dúshlán dhéimeagrafacha atá ann don Eoraip, agus an rathúnas á chosaint do shaoránaigh an Aontais ag an am céanna.

14. IS DEIMHIN LÉI go bhfuil níos mó rannpháirtíochta miondíola ríthábhachtach chun na hacmhainní airgeadais atá ar fáil a chuachadh agus go gcuirfidh Aontas na Margaí Caipitil deiseanna leordhóthanacha ar fáil d'infheisteoirí miondíola le haghaidh coigilteas fadtéarmach chun riachtanais airgeadais amach anseo a chlúdach agus CUIREANN SÍ i bhFIOS GO LÁIDIR go bhfuil leibhéal ard cosanta d'infheisteoirí agus do thomhaltóirí agus caighdeán arda maidir le sláine an mhargaidh riachtanach chun muinín a chothú san earnáil airgeadais.

15. IS DEIMHIN LÉI gur *conditio sine qua non* é margadh aonair tarraingteach agus iomaíoch le haghaidh caipitil chun go mbeidh rath ar an Aontas Eorpach san iomaíocht dhomhanda d'acmhainní eacnamaíocha, rud atá ríthábhachtach chun poist agus fás a chinntiú san Aontas.

16. I bhfianaise an mhéid sin, IS DÍOL SÁSAIMH DI an Plean Gníomhaíochta athnuaite ón gCoimisiún⁸ ina dtugtar aghaidh ar chuid mhór de na dúshlán nach mór a shárú chun dul ionsar fhíor-Aontas na Margaí Caipitil.

⁸*Communication from the Commission to the European Parliament, the Council, the European Economic and Social Committee and the Committee of the Regions: A Capital Markets Union for people and businesses-new action plan* [Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún: Aontas na Margaí Caipitil do dhaoine agus do ghnólaigh - plean gníomhaíochta nua] (COM(2020) 590 final), 11064/20 + ADD 1.

17. CUIREANN SÍ i bhFÍOS GO LÁIDIR gur iarracht leanúnach é Aontas na Margaí Caipitil agus go gcaithfear tosaíocht shoiléir a thabhairt do bhearta sna chéad chéimeanna eile ionsar Aontas na Margaí Caipitil. Meastar, mar sin, gurb iad na gníomhaíochtaí sin, ar gníomhaíochtaí iad atá tábhachtach chun feabhas a chur ar an gcistiú a thugtar don gheilleagar, agus go háirithe do FBManna, agus a d'fhéadfadh tacú le téarnamh eacnamaíoch tapa i gcomhthéacs phaindéim COVID-19, na gníomhaíochtaí is práinní ag an bpointe seo. Ba cheart tús áite a thabhairt dóibh agus ba cheart don Choimisiún iad go léir a chur i ngníomh a luaithe is féidir, ach tráth nach déanaí ná deireadh 2021 (Mír 19). Na bearta a mheastar mar na cinn is tábhachtaí chun caipiteal príobháideach a shlógadh, ba cheart iad a chur i ngníomh a luaithe is féidir (Mír 21). Na bearta a meastar tábhacht mhór a bheith leo ó thaobh dul ionsar mhargadh caipitil níos bríomhaire agus níos iomaíche ar bhonn domhanda sa ghearrthéarma (Mír 23) agus sa mheántéarma (Mír 24), ba cheart iad a dhéanamh tar éis na mbeart sin a mheastar mar na cinn is tábhachtaí. Beidh measúnuithe tionchair ag gabháil leis na gníomhaíochtaí sin, i gcás inarb iomchuí.

18. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún díriú freisin ar ghníomhaíochtaí ar féidir iad a dhéanamh trí mhodhanna neamhreachtúla, agus lena mbeifear in ann, ar aon dul le modhanna reachtacha, cuidiú chun coigilteas a threorú chuig na margaí caipitil ionas go gcuirfear na cistí sin ar fáil don gheilleagar gan cobhsaíocht airgeadais, sláine an mhargaidh nó cosaint tomhaltóirí a chur i mbaol. Leis sin, cuirfear téarnamh pras as an titim ghéar i ngeall ar COVID-19 chun cinn.

19. TATHANTAÍONN SÍ ar an gCoimisiún, dá réir sin, tús áite agus géarú a thabhairt dá chuid oibre i gcomhthráth i ndáil leis an méid seo a leanas:

- a. An rochtain atá ag corparáidí, go háirithe FBManna, ar mhaoiniú ar mhargaí caipitil a éascú trí na rialacha reatha maidir le liostú ar mhargaí rialáilte agus ligean isteach chun trádála ar shaoráidí trádála iltaobhacha, go háirithe margaí fáis FBManna, a chuíchóiriú agus a shimpliú, agus trí thacú le héiceachórais airgeadais ar féidir leo rochtain fheabhsaithe FBManna ar chothromas a chothú, gan dochar a dhéanamh do na hardchaighdeáin i dtaca le cosaint infheisteoirí agus sláine an mhargaidh,
- b. "pointe rochtana aonair" a bhunú ar fud an Aontais le haghaidh faisnéis faoi chuideachtaí airgeadais agus neamhairgeadais, rud a bheidh úsáideach d'infheisteoirí chun trédhearcacht a mhéadú, agus gan ualach díreireach tuairisciúcháin agus comhdúcháin á chruthú do chuideachtaí de chuid an Aontais ag an am céanna. Ba cheart a áirithiú sa mhol sonraí sin, sonraí comhshaoil, sóisialta agus rialachais (ESG) chun cleachtais airgeadais níos inbhuanaithe a chur chun cinn. Ba cheart é a bhunú ar na córais chomhdúcháin atá ann faoi láthair ar an leibhéal náisiúnta, é a chur chun feidhme a luaithe is féidir agus a fhorbairt a thuilleadh le himeacht ama,

- c. Ról na n-árachóirí, na mbanc agus infheisteoirí institiúideacha eile mar infheisteoirí fadtéarmacha a neartú agus measúnú a dhéanamh ar bhealaí le hinfheistíochtaí fadtéarmacha i gcorparáidí agus go háirithe FBManna ag infheisteoirí institiúideacha a dhreasú gan cobhsaíocht airgeadais ná cosaint infheisteoirí a chur i mbaol agus láimhseáil rialála, atá leordhóthanach ó thaobh riosca de, na n-infheistíochtaí fadtéarmacha a áirithiú,
- d. Athbhreithniú a dhéanamh ar oiriúnacht an chreata urrúsaithe atá ann faoi láthair d'fhonn a chur ar chumas na margaí caipitil neamhchosaint níos mó a fháil ó na bainc, agus leis sin, acmhainneachtaí iasachtaithe na mbanc a mhéadú, gan an bonn a bhaint de chaighdeán stuamachta nó rioscaí ábhartha a chruthú don chobhsaíocht airgeadais san Aontas,
- e. Feabhas a chur ar an gcreat rialála maidir le meáin infheistíochta fadtearmaí trí athbhreithniú a dhéanamh ar an Rialachán maidir leis an gCiste Infheistíochta Fadtearmaí Eorpach (ELTIF), agus ar an gcaoi sin, an gá le tacú le maoiniú neamhbhainc FBManna agus le hinfheistíocht fadtéarmach i mbonneagar a chur san áireamh go háirithe, rud atá riachtanach don aistriú chuig geilleagar inbhuanaithe digiteach,
- f. Féachaint ar na buntáistí agus na míbhuntáistí a bhaineann le scéim tarchuir chun FBManna a dhíriú chuig soláthraithe cistithe mhalartaigh nuair a dhiúltaítear dá n-iarratas creidmheasa.

20. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún tús a chur, laistigh de shainordú an Choimisiúin, leis na codanna eile den Phlean Gníomhaíochta a chur chun feidhme, arb é is aidhm dóibh borradh a chur faoi ghníomhaíocht infheistíochta, lena n-áirítear agus go háirithe ag infheisteoirí miondíola laistigh den Aontas Eorpach, agus ardleibhéal cosanta tomhaltóirí agus infheisteoirí á choinneáil ag an am céanna, agus margadh caipitil atá iomaíoch ar fud an domhain a bhunú. Tá sin ríthábhachtach chun dul chun cinn suntasach a dhéanamh ionsar fíor-Aontas na Margaí Caipitil.

21. MOLANN SÍ don Choimisiún, dá réir sin, slógadh caipitil phríobháidigh a chur chun cinn agus tuilleadh gníomhaíochta infheistíochta a spreagadh laistigh den Aontas, san ord seo a leanas, tríd an méid seo a leanas:

- a. saoránaigh a chumhachtú chun cinntí ardoilte infheistíochta a dhéanamh trí litearthacht fheabhsaithe airgeadais, go háirithe trí chomhbhonn coincheapúil a bhunú chun beartais agus bearta a cheapadh lena gcothófar inniúlacht airgeadais na saoránach, agus na tionscnaimh náisiúnta agus idirnáisiúnta atá ann cheana maille lena gcuid oibre á gcur san áireamh ag an am céanna,
- b. na rialacha nochta atá ann cheana maidir leis na táirgí éagsúla margaidh caipitil a chuíchóiriú agus measúnú a dhéanamh ar cháilíocht agus ar chothroime na comhairle infheistíochta a chuirtear ar infheisteoirí miondíola chomh maith leis na buntáistí agus na míbhuntáistí a bhaineann leis an aicmiú infheisteoirí reatha a athchoigeartú,
- c. feabhas a chur ar infhaighteacht agus trédhearcacht sonraí trí mheasúnú breise a dhéanamh ar conas dul i ngleic leis na bacainní roimh theilitéip chomhdhlúite a bhunú san Aontas.

22. CUIREANN SÍ I dTREIS gur gá dul chun cinn inbhraite a dhéanamh ionsar Aontas na Margái Caipitil a bheidh iomaíoch ar bhonn domhanda agus ag a mbeidh gluaiseacht caipitil gan bhac chun tairbhe a bhaint as an bpoitéinseal a bhaineann le margadh caipitil a bheidh comhdhlúite go domhain agus a mheallfaidh gluaiseacht agus coinneáil caipitil agus saineolais sheachtraigh, a bheidh le leas infheisteoirí agus tiomsaitheoirí caipitil.

23. I bhfianaise an mhéid sin, MOLANN SÍ don Choimisiún sa ghearrthéarma, san ord seo a leanas,

- a. féachaint ar roghanna chun barr feabhais a chur ar an timpeallacht infheistíochta laistigh den mhargadh aonair agus creat Aontais a mholadh lena soiléireofar, lena neartófar agus lena bhforlónfar na rialacha maidir leis an infheistíocht trasteorann laistigh den Aontas a chosaint,
- b. féachaint ar bhealaí le gníomhaíochtaí trasteorann na mbonneagar iarthrádála a fheabhsú, go háirithe i réimse na socraíochta, agus dlínsí éagsúla na mBallstát á n-urramú ag an am céanna, agus feabhsuithe rialála riachtanacha a mholadh,

- c. tuilleadh cóineasaithe maoirseachta a chur chun cinn trína bheith ag obair ionsar creat dlíthiúil níos comhchuibhithe le haghaidh gníomhaíochtaí margaidh caipitil rialáilte. Ba cheart an creat sin a bhunú ar phrionsabal 'an ghníomhaíocht chéanna, an riosca céanna, na rialacha céanna', agus prionsabal na comhréireachta agus na neodrachta teicneolaíche á gcur san áireamh, agus ba cheart comhchuibhiú breise ar cheanglais rialála a áirithiú leis, maidir le próisis aitheanta custaiméirí, mar shampla⁹.

24. MOLANN SÍ don Choimisiún, dá réir sin, breathnú ar na hathchóirithe struchtúracha atá an-chasta agus fadálach agus na tionscnaimh faoi seach a sholáthar sa mheántearma, chun an méid seo go háirithe a dhéanamh, san ord seo a leanas,

- a. measúnú a dhéanamh ar dhóigheanna chun an nós imeachta siarchoinneála i ndáil le faoiseamh cánach le haghaidh infheistíochtaí trasteorann a shimpliú, agus an obair atá ann cheana á cur san áireamh, amhail na pléití ag FISCALIS nó maidir le tionscnamh OECD TRACE, agus calaois chánach a sheachaint, agus togra reachtach a thíolacadh,
- b. measúnú a dhéanamh ar thionscnaimh reachtach nó neamhreachtach chun cóineasú thoradh na nósanna imeachta dócmhainneachta i mBallstáit éagsúla a mhéadú, agus an cleachtadh tagarmharcála á chur san áireamh agus bunaithe ar chomhairle ó ghrúpaí saineolaithe agus ó na Ballstáit,
- c. measúnú a dhéanamh ar an ngá atá le tuilleadh gníomhaíochta chun muinín na n-infheisteoirí a neartú agus infheistíochtaí trasteorann a éascú trí mheastóireacht a dhéanamh, mar shampla, ar easnaimh a d'fhéadfadh a bheith i réimsí na rialacha maidir le tuairisciú airgeadais cuideachtaí liostaithe a fhorfheidhmiú agus na maoirseachta nó na formhaoirseachta ar sholáthraithe teicneolaíochta i gcúrsaí airgeadais,
- d. measúnú a dhéanamh ar bhealaí le tacú le feasacht na saoránach a mhúscailt a mhéid a bhaineann lena n-ioncam scoir amach anseo trí dhea-chleachtais a fhorbairt le haghaidh, e.g., córais rianaithe náisiúnta,
- e. measúnú a dhéanamh ar na buntáistí agus na míbhuntáistí a d'fhéadfadh a bheith ag baint le sainmhíniú comhchuibhithe ar "scairshealbhóir".

⁹ Conclúidí ón gComhairle maidir le frithsciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta a chomhrac, 12608/20.

25. MEABHRAÍONN SÍ don Choimisiún gur gá, i gcomhairle leis na Ballstáit, tacar táscairí leordhóthanacha atá sainithe go soiléir agus atá de chineál cáilíochtúil agus cainníochtúil a fhorbairt. Ba cheart a áireamh leis an tacar sin príomhtháscairí feidhmíochta chun dul chun cinn Aontas na Margaí Caipitil i gcoitinne a thomhas agus táscairí sonracha do na cuspóirí ar leith, i gcás inarb áisiúil sin, agus IARRANN SÍ ar an gCoimisiún na Ballstáit a chur ar an eolas go tráthrialta agus ar bhealach cuimsitheach faoi Aontas na Margaí Caipitil, bunaithe ar na príomhtháscairí sin.
